CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 92/24**

**Lucsamburg, 5 Meitheamh 2024**

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-58/23 | Supermac's v EUIPO - McDonald's International Property (BIG MAC)

# Cailleann McDonald's trádmharc an Aontais Eorpaigh Big Mac le haghaidh táirgí éineola

*Chinn an Chúirt nár léirigh McDonald's fíorúsáid ar feadh tréimhse leanúnach cúig bliana san Aontas Eorpach le haghaidh earraí agus seirbhísí áirithe*

Tá Supermacs agus McDonald's, slabhra mearbhia Éireannach agus Meiriceánach faoi seach, páirteach i ndíospóid a bhaineann le **trádmharc an Aontais Eorpaigh Big Mac.** Cláraíodh an marc sin i bhfabhar McDonald's in 1996. In 2017, chomhdaigh Supermacs iarratas ar chúlghairm an mhairc sin i ndáil le hearraí agus seirbhísí áirithe. Bhí sí den tuairim nár baineadh fíorúsáid as an marc i ndáil leis na hearraí agus na seirbhísí sin san Aontas Eorpach ar feadh tréimhse leanúnach cúig bliana.

Sheas Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) go páirteach leis an iarratas sin. Dheimhnigh sé, áfach, an chosaint a thugtar leis an marc atá faoi chonspóid do McDonald's le haghaidh, *inter alia*, bia a ullmhaítear le táirgí feola agus éineola agus ceapairí feola agus sicín, chomh maith le seirbhísí a dhéanann, nó a bhaineann le, bialanna gníomhacha nó bunaíochtaí nó áiseanna gníomhacha a bhíonn i mbun soláthair bia agus dí a ullmhaítear lena dtomhailt nó le haghaidh áiseanna tiomáin tríd agus ullmhú bia beir leat.

Lena breithiúnas, déanann an Chúirt Ghinearálta cinneadh EUIPO a neamhniú agus a leasú go páirteach, rud a chuireann teorainn bhreise leis an gcosaint a thugtar leis an marc atá faoi chonspóid do McDonald's. Go deimhin, measann an Chúirt nár léirigh McDonald's gur baineadh fíorúsáid as an marc atá faoi chonspóid **i ndáil leis na hearraí 'ceapairí sicín', earraí 'bia a ullmhaítear le táirgí éineola' agus seirbhísí 'a dhéanann, nó a bhaineann le, bialanna gníomhacha nó bunaíochtaí nó áiseanna gníomhacha a bhíonn i mbun soláthair bia agus dí a ullmhaítear lena dtomhailt nó le haghaidh áiseanna tiomáin tríd; ullmhú bia beir leat'.**

Ní thugtar le fios san fhianaise a chuir McDonald's isteach an méid úsáide a baineadh as an marc le haghaidh na n-earraí sin, go háirithe maidir leis an méid díolachán, fad na tréimhse inar tharla na gníomhartha úsáide agus a minicíocht. Dá bhrí sin, ní bhunaítear leis an bhfianaise arna cur san áireamh ag EUIPO fíorúsáid an mhairc atá faoi chonspóid do na hearraí sin. Thairis sin, ní léiríonn an fhianaise a chuir McDonald's isteach gur úsáideadh an marc atá faoi chonspóid le haghaidh 'seirbhísí a dhéanann, nó a bhaineann le, bialanna gníomhacha nó bunaíochtaí nó áiseanna gníomhacha a bhíonn i mbun soláthair bia agus dí a ullmhaítear lena dtomhailt nó le haghaidh áiseanna tiomáin tríd; ullmhú bia beir leat'.

**NÓTA:** Beidh trádmharcanna an Aontais agus dearaí Comhphobail bailí ar fud chríoch an Aontais Eorpaigh. Tá trádmharcanna de chuid an Aontais ann i gcomhthráth le trádmharcanna náisiúnta. Tá dearaí Comhphobail ann in éineacht le dearaí náisiúnta. Seoltar iarratais ar thrádmharc de chuid an Aontais a chlárú chuig EUIPO. Féadfar caingean i gcoinne chinntí EUIPO a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta.

**NÓTA:** Leis an gcaingean le haghaidh neamhniú, féachtar le gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais atá contrártha le dlí an Aontais a neamhniú. Féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair, faoi choinníollacha áirithe, caingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. Má tá bunús maith leis an gcaingean, cuirtear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a líonadh.

**NÓTA:** Féadfar achomharc, atá teoranta do phointí dlí amháin, a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta laistigh de dhá mhí agus deich lá tar éis a curtha in iúl. Beidh an t-achomharc faoi réir nós imeachta faoinar cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh. Chuige sin, ní mór iarraidh a bheith ag gabháil leis go ligfear don achomharc dul ar aghaidh agus an tsaincheist/na saincheisteanna a leagan amach atá suntasach maidir le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA ar lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fan i dteagmháil linn!